

## An Gnáthrud | Sample answer

**“Tá tábhacht nách beag ag baint le teideal an ghearrscéil An Gnáthrud.”** (It is not merely a small importance dealing with the title of this short story An Gnáthrud)

Rinne mé stáidear ar an ngearrscéal “An Gnáthrud” le Déirdre Ní Ghrianna. Tá sé soiléir go bhfuil tábhacht mór ag baint leis an teideal. Pléann an t-údar na gnáthrudaí (everyday things) a tharlaíonn i saol na bpríomhcharachtar (main characters). Áfach, tharla a lán ionsaithe seicteacha fánacha (violent sectarian attacks) i mBéal Feirste (Belfast) ag an am seo freisin. Díritear ár aird ar (our attention is directed towards) Jimmy, an príomhcharachtar. Tuigtear dúinn gur duine tuisceanach (understanding), goilliúnach é. Tá sé níos ciallmhaire (more clever) freisin ná a chairde agus níl aon rud uaidh ach a bheith i dteannta a mhná chéile (wife) agus a chlainne. Bíonn foréigean (violence) agus coimhlint (conflict) sa chúlra de shíor (in the background constantly) mar gheall ar na Trioblóidí i dtuaisceart na hÉireann (the troubles in Northern Ireland). Tá an críoch thragóideach (tragic ending), fhoréigneach agus an-íorónach, agus tá casadh tobann (sudden turn)ann.

Cuirtear béim (emphasis) ar na gnáthrudaí i saol na gcarachtar tríd an téama, na himeachtaí (events), na carachtair agus an scéal-líne (story line). Baineann an teideal le gach rud go díreach (directly). Is iad na téamaí atá chun tosaigh sa scéal ná saol an teaghlaigh (family life) i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí agus an grá atá ag Jimmy dá bhean agus dá pháistí.

Insíonn an t-údar dúinn faoi shaol laethúil (daily life of) Jimmy. Ní maith leis dul go dtí an teach tábhairne (pub) lena chairde ach amháin don chraic agus an cuideachta a bhíonn aige. Is "oilithreacht sheactainiúil" (weekly pilgrimage) é dó ach b'fhearr leis a bheith sa bhaile lena chlann. Deireadh faoi Sarah nách féidir "an diabhal ná a chairde a rá go raibh sé faoi chrann smola aici". Is maith leo na nósanna céanna (same customs) a leanúint, mar shampla, curaí agus chop suey a fháil ó Jasmine Palace gach Aoine. Táid sona sásta leis an saol mar thoradh ar (as a result of) na gnáthrudaí beaga.

Tá brí mheafarach (metaphorical meaning) le sonrú i dteideal an scéil. Cé go dtagraíonn "an ghnáthrud" don bhia a ordaíonn Jimmy sa bhialann Shíneach, tá sé soiléir gur meafar atá ann freisin don saol i mBéal Feirste i gcoitinne, sé sin, don fhoréigean, don choimhlint idir Caitlicigh agus Protastúnaigh (between Catholics and Protestants) agus, ar ndóigh, do na dúnmharuithe seicteacha (sectarianism murders) a bhí ar siúl sa chathair ag an am sin. Sa bheár (bar), tá fhios ag Jimmy go mbíonn "achan mhac máthar" ina suí "ar an stól chéanna gan teip" (on the same stool without fail). Fiafraíonn an freastálaí (the waitress asks) "an rud céanna arís?". Dealraíonn sé go bhfuil gach carachtar gafa leis an gnáthrud (every character is trapped by the everyday thing), ní raibh siad ag lorg (seeking) aon rud as an gnáth. Arís feicimid cé chomh hoiriúnach (suitable) is atá teideal an scéil seo.

Deir Liz "Níl mórán de do mhacasamhail ag gabháil ar an aimsir seo". Is duine cineálta, macánta é Jimmy. Tá sé an-tábhachtach go mbaineann Jimmy taitneamh as an gnáthrud (he enjoys the everyday thing) atá ina shaol. "Anois, agus é ag fanacht lena sheal ag an bheár, b'fhada le Jimmy go dtaradh oíche Shathairn nuair a bheadh sé féin agus Sarah ábalta teannadh lena chéile ar an tolg ag amharc ar video agus buidéal beag fíona acu". Feicimid cad é an rud

is tábhachtaí dó. Ag an bpointe seo, tá sé sásta gan aon imní (without any worry). Is iad an gnáthrudaí simplí seo na rudaí is tábhachtaí ina shaol.

Ag críoch an scéil, tá sé an-difriúil. Léirítear a lán íomhánna foréigneacha (violent images) dúinn: "scaoil sé urchar a shíob leath an chloiginn de Jimmy" agus "Bhí an fhuil ag púscadh". Ar an drochuair, bhí Jimmy ag an áit mí-cheart ag an am mí-cheart (wrong place at the wrong time). Ach ag an am sin, ní raibh eachtraí (events) mar seo as an ngnáth (out of the ordinary). Díríonn gach rud sa scéal seo ar ghnáthimeachtaí sa saol. Cruthaítear atmaisféar gruama, dorchá, scanrúil den shaol i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí sa scéal. Maraíodh (murdered) Jimmy in ionsaí seicteach fánach agus é ar a bhealach abhaile (on his way home). Is é an pointe atá á dhéanamh ag an údar ná gurb é an dúnmharú an "gnáth-rud" freisin i saol na ndaoine i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí.